**Fógra Achomhairc faoi Alt 40(1) d'Acht Iascaigh (Leasú) 1997 (Uimh. 23)**
**FOIRM ACHOMHAIRC**

Tabhair faoi deara nach nglacfar leis an bhfoirm seo, de réir Alt 40(2) d'Acht 1997, ach amháin má sheachadtar í leis an **bPOST CLÁRAITHE nó de láimh** chuig oifigí ALAB ag an seoladh seo a leanas: **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise, R32 DTW5**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Achomharcóra (Bloclitreacha)* | | |
| Seoladh an Achomharcóra | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| Éirchód | | |
| Uimhir Theileafóin | | Seoladh ríomhphoist (cuir isteach thíos) |
| Uimhir Ghutháin | | |

* Ar chúiseanna riaracháin, tabhair príomhtheagmhálaí amháin in aghaidh an achomhairc le haghaidh gach comhfhreagrais a bhaineann leis an achomharc. Tabhair faoi deara, le do thoil, má **athraíonn aon cheann** de na sonraí a tugadh thuas, go bhfuil sé de dhualgas ar an achomharcóir a chinntiú go gcuirfear ALAB ar an eolas dá réir.

**TÁILLÍ**

| **Ní mór táillí a bheith faighte faoin dáta deiridh le haghaidh achomhairc a fháil** | Méid | Cuir tic |
|---|---|---|
| Achomharc ó iarratasóir ar cheadúnas i gcoinne cinneadh ón Aire maidir leis an iarratas sin | €380 | |
| Achomharc ó shealbhóir ceadúnais i gcoinne chúlghairm nó leasú an cheadúnais sin ag an Aire | €380 | |
| Achomharc ó aon duine aonair nó eagraíocht eile | €150 | |
| Iarratas ar Éisteacht ó Bhéal* (táille iníoctha sa bhreis ar an táille achomhairc)<br>*I gcás go gcinneann an Bord gan Éisteacht ó Bhéal a chur ar siúl, ní aisíocfar an táille | €75 | |

Is féidir táillí a íoc le Seic nó le Ríomhaistriú Airgid

Tá seiceanna iníoctha leis an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe i gcomhréir leis na Rialacháin um Achomhairc i leith Ceadúnú Dobharshaothraithe (Táillí), 2021 (I.R. Uimh. 771 de 2021)

| **Sonraí Ríomhaistrithe Airgid** | IBAN: IE89AIBK93104704051067 | BIC: AIBKIE2D |
|---|---|---|

Tabhair an méid seo a leanas faoi deara, le do thoil:

1. Má theipeann ort an táille chuí a chur isteach le d'achomharc, measfar go bhfuil d'achomharc neamhbhailí.
2. Caithfear íocaíocht do na táillí cearta **a fháil ar nó roimh** an dáta deiridh le haghaidh achomhairc a fháil, nó ní ghlacfar leis an achomharc.
3. Ní mór an táille chuí (nó iarratas ar éisteacht ó bhéal) a chur isteach in aghaidh gach cinneadh atá á achomharc.
4. Ní chiallaíonn uamadh Achomhairc 42 (1) go bhfuil teideal ag duine ar aisíocaíocht aon táille a íocadh le ALAB.(Aguisín 1)

**Tá an Reachtaíocht lena rialaítear na hachomhairc leagtha amach in Aguisín 1 thíos.**

| **ÁBHAR AN ACHOMHAIRC** | |
|---|---|
| | |
| Uimhir Thagartha an tSuímh: -<br>(mar atá leithdháilte ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) | |
| **LEAS AR LEITH AN ACHOMHARCÓRA**<br>Déan cur síos gairid ar do leas ar leith i dtoradh an achomhairc: | |
| | |
| **FORAIS ACHOMHAIRC**<br>Luaigh **go hiomlán** na forais achomhairc agus na cúiseanna, an breithniú agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe) (más gá, ar leathanach (nó leathanaigh) breise): | |
| | |



Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Contae Laoise, R32 DTW5
Kilminchy Court, Dublin Road, Portlaoise, County Laois, R32 DTW5

Phone: +353 (0) 57 8631912
R-phost/Email: info@alab.ie
www.alab.ie

<table>
<tr><td colspan="4">FÓGRA DEIMHNITHE AR AN TAIRSEACH MTT (más gá)<br><br>De réir Alt 41(1) f den Acht Iascaigh (Leasú) 1997, i gcás ina bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ag teastáil don tionscadal atá i gceist, cuir cóip den fhógra deimhnithe ar fáil, nó fianaise eile (amhail Uimhir Aitheantais na Tairsí) a léiríonn go bhfuil an dobharshaothrú beartaithe atá faoi réir an achomhairc seo san áireamh ar an tairseach a bunaíodh faoi Alt 172A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. (Féach an Nóta Míniúcháin in Aguisín 2 thíos le haghaidh tuilleadh eolais).<br><br>Cuir tic sa bhosca ábhartha thíos le do thoil:</td></tr>
<tr><td colspan="3">Tá Fógra Deimhnithe na Tairsí MTT iniata leis an bhFógra Achomhairc seo</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Tá fianaise eile go bhfuil an Tionscadal san áireamh ar Thairseach MTT iniata nó leagtha amach thíos (amhail Uimhir Aitheantais na Tairsí)</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="3">Níor críochnaíodh MTT i gcéim an iarratais/níl an Tionscadal le feiceáil ar an Tairseach MTT</td><td></td></tr>
<tr><td>Sonraí fianaise eile</td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>Sínithe ag<br>an Achomharcóir</td><td></td><td>Dáta</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="4">Tabhair faoi deara nach nglacfar leis an bhfoirm seo ach amháin trí PHOST CLÁRAITHE nó má thabharfar isteach chuig oifigí ALAB de láimh í</td></tr>
<tr><td colspan="4">Caithfear íocaíocht na dtáillí ceart a fháil ar nó roimh an dáta deiridh le haghaidh achomhairc a fháil, nó measfar go bhfuil an t-achomharc neamhbhailí.</td></tr>
</table>

Ba chóir an Fógra Achomhairc seo a chomhlánú faoi gach ceannteideal, lena n-áirítear na cáipéisí, na sonraí nó an fhaisnéis go léir mar atá sonraithe san fhógra agus atá sínithe go cuí ag an achomharcóir, agus féadfaidh aon cháipéisí, sonraí nó faisnéis bhreise a bhaineann leis an achomharc a chur leis má mheasann an t-achomharcóir go bhfuil siad riachtanach nó cuí.

**COSAINT SONRAÍ** – Ní choinneoidh ALAB na sonraí a bhailítear chun na críche sin ach chomh fada agus a bheidh gá gnó leis sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá achomharc a fhoilsiú de bharr ceanglais dhlíthiúla maidir le trédhearcacht, agus féadfar sonraí an achomhairc agus an achomharcóra a chur san áireamh i liosta achomharc ar líne.

**Aguisín 1.**

**Sliocht as Acht Iascaigh (Leasú) 1997 (Uimh. 23)**

40. (1) Féadfaidh aon duine atá míshásta le cinneadh ón Aire maidir le hiarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe nó le cúlghairm nó leasú ceadúnais dobharshaothraithe achomharc a dhéanamh chuig an mBord i gcoinne an chinnidh, na cúlghairme nó an leasaithe, trí fhógra achomhairc a sheirbheáil ar an mBord roimh dheireadh tréimhse míosa amháin, dar tosach dáta foilsithe an chinnidh sin de réir an Achta seo, nó dáta fógra na cúlghairme nó an leasaithe don duine.

(2) Ba chóir fógra achomhairc a sheirbheáil—

(a) trína sheoladh leis an **bpost cláraithe** chuig an mBord,

(b) trína **fhágáil ag oifig an Bhoird**, le linn gnáthuaireanta oifige, le fostaí dealraitheach de chuid an Bhoird, nó

(c) trí cibé modhanna eile a fhorordófar.

(3) Ní bhreithneoidh an Bord fógra achomhairc a gheobhaidh sé níos déanaí ná deireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (1)

41. (1) Chun go mbeidh achomharc faoi alt 40 bailí, ní mór don fhógra achomhairc na nithe seo a leanas a chomhlíonadh—

(a) a bheith i scríbhinn,

(b) ainm agus seoladh an achomharcóra a lua,

(c) ábhar an achomhairc a lua,

(d) leas ar leith an achomharcóra i dtoradh an achomhairc a lua,

(e) forais an achomhairc agus na cúiseanna, an breithniú agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe a lua go hiomlán, agus

(f) i gcás ina bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachtafaoi Rialachán 3 de na Rialacháin um Achomhairc i leith Dobharshaothrú (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 2012 (IR Uimh. 468 de 2012), ní mór fianaise a bheith ann go gcomhlíonann sé mír (3A) den Rialachán 3 sin, agus

(g) **ní mór an táille**, más ann, a bheidh iníoctha i leith an achomhairc de réir rialachán faoi *alt 63* **a bheith ag gabháil leis**, agus ní mór na cáipéisí, na sonraí nó an fhaisnéis eile a bhaineann leis an achomharc a bheith ag gabháil leis, má mheasann an t-achomharcóir go bhfuil siad riachtanach nó cuí.

42. (1) Féadfaidh an Bord, de réir a rogha féin, plé le dhá achomharc nó níos mó mar achomharc aonair (agus na hachomharcóirí mar pháirtithe in achomharc aonair), agus féadfaidh sé na hachomhairc sin a scaradh óna chéile tráth ar bith.

**Déan teagmháil le hoifigí ALAB roimh ré le do thoil chun uaireanta oscailte na hoifige a dheimhniú.

**Aguisín 2.**

| **Nóta Míniúcháin: Fógra Deimhnithe na Tairsí MTT/Uimhir aitheantais na tairsí** |
|---|
| Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Tairseach MTT ar fáil mar fhógra leictreonach don phobal maidir le hiarratais ar thoiliú forbartha a bhfuil Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (Iarratais MTT) ag gabháil leo. Is é cuspóir na tairsí an fhaisnéis is gá a sholáthar chun deiseanna luatha agus éifeachtacha a éascú chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta cinnteoireachta don timpeallacht.<br><br>Tá faisnéis ar an tairseach faoi iarratais ar MTT a rinneadh ó 16 Bealtaine 2017 i leith, lena n-áirítear an túdarás inniúil (na húdaráis inniúla) a gcuirtear faoina bhráid iad, ainm an iarratasóra, cur síos ar an tionscadal, chomh maith leis an suíomh ar léarscáil GIS, agus uimhir aitheantais na Tairsí. Is féidir an tairseach a chuardach de réir na méadrachta sin, agus is féidir rochtain a fháil uirthi ag:<br>https://housinggovie.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=d7d5a3d48f104ecbb206e7e5f84b71f1<br><br>Éilíonn Alt 41(1)(f) den Acht Iascaigh (Leasú) 1997, "*i gcás ina bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta*", go léireoidh an fógra achomhairc go bhfuil Rialachán 3A de na Rialacháin um Achomhairc i leith Dobharshaothrú (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 2012 (I.R. 468/2012) á chomhlíonadh, arna leasú ag na Rialacháin um Achomhairc i leith Dobharshaothrú (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Leasú) 2019 (I.R. 279/2019) (Na Rialacháin MTT)<br><br>Luann Rialachán 3A de na Rialacháin MTT go bhfuil gá le MTT i gcásanna ina (i) dtagann an dobharshaothrú beartaithe faoi aicme a shonraítear i Rialachán 5(1)(a)(b)(c) nó (d) de na Rialacháin um Dhobharshaothrú (Iarratas ar Cheadúnas) 1998, arna leasú - atá liostaithe thíos, nó (ii) i gcásanna inar chinn an tAire go bhfuil MTT riachtanach le haghaidh iarratas lena mbaineann feirmeoireacht éisc dhian. I gcásanna den sórt sin, ní mór d'achomharcóir (is é sin, an páirtí a chuireann an t-achomharc faoi bhráid ALAB, lena n-áirítear achomharcóir tríú páirtí de réir mar a bheidh) fianaise a sholáthar go bhfuil an tionscadal dobharshaothraithe atá beartaithe, ábhar an achomhairc, san áireamh ar an tairseach MTT.<br><br>Más achomharcóir tríú páirtí thú (is é sin, nach tú an t-iarratasóir bunaidh) agus mura bhfuil tú cinnte an ndearnadh MTT, nó mura féidir leat an uimhir aitheantais thairsí ábhartha a fháil ar an tairseach MTT ag an nasc a chuirtear ar fáil, déan teagmháil leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh cúnaimh sula gcuireann tú d'fhoirm achomhairc isteach. |
| Is iad seo a leanas na haicmí dobharshaothraithe a bhfuil gá leo MTT a dhéanamh orthu mar atá sonraithe i Rialachán 5(1)(a)(b)(c) agus (d) de na Rialacháin Dobharshaothraithe (Iarratas ar Cheadúnas), 1998, I.R. 236 de 1998 arna leasú:<br><br>a) Dianfheirm éisc bunaithe ar muir (seachas chun críoch trialach nó taighde nach mbeadh an t-aschur níos mó ná 50 tonna);<br>b) Gach suiteáil síolraithe éisc ina bhfuil tógáil i gcásanna i lochanna;<br>c) Gach suiteáil síolraithe éisc thuas abhainn ó iontógálacha uisce óil;<br>d) Suiteálacha síolraithe éisc uisce úir eile a mbeadh níos mó ná 1 mhilliún brainlín iontu agus a bhfuil níos lú ná 1 mhéadar ciúbach in aghaidh an tsoicind in aghaidh gach 1 mhilliún brainlín acu in uiscí caolaithe le sreabhadh íseal.<br><br>Ina theannta sin, faoi Rialachán 5(1)(e) de Rialacháin 1998, féadfaidh an tAire, mar chuid dá b(h)reithniú ar iarratas ar fheirmeoireacht éisc dhian, cinneadh a dhéanamh faoi Rialachán 4A go bhfuil gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT). |